


## Forbhreathnú

San fhíseán seo a ghluaiseann ar aghaidh go tapa, insítear an scéal faoi Éirinn agus an tAontas Eorpach. Mar chuid de na 5 'chaibidil' cuireann déagóirí as Éirinn ceisteanna tábhachtacha faoin Aontas. Téimid ar aistear leo le fáil amach faoi stair an Aontais agus faoin gcaoi a bhfuil tionchar ag ballraíocht na hÉireann san Aontas ar a saol ó lá go lá. Faighimid eolas freisin faoi phríomhbheartais de chuid an Aontais, faoin gcaoi a bhfeidhmíonn na hinstitiúidí éagsúla agus faoin gcaoi a bhfuil an tAontas ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá ann faoi láthair. Labhraíonn Coimisinéir na hÉireann agus feisirí de chuid na hÉireann linn agus faighimid eolas faoi thréimhsí oiliúna agus deiseanna gairme do dhaoine óga in institiúidí an Aontais.

## Caibidil 1: Stair an Aontais Eorpaigh (00:13)

Cuireadh tús le scéal an Aontais Eorpaigh nuair a bunaíodh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC), ar tionscadal síochána iar-chogaidh é a mhol Robert Schuman, aire gnóthaí eachtracha na Fraince, in 1950. In 1951, tháinig 6 thír le chéile chun CEGC a bhunú; an Bheilg, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Fhrainc.  In 1957, daingníodh Conradh na Róimhe lenar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. A bhuí leis an gcómhargadh earraí agus seirbhísí, bhí sé níos éasca agus níos saoire trádáil a dhéanamh idir tíortha agus níorbh fhada gur tháinig go leor tíortha eile isteach sa Chomhphobal, Éire ina measc in 1973. Bunaíodh an tAontas Eorpach in 1993 le Conradh Maastricht. Inniu, tá 27 mBallstát ann agus 450 milliún saoránach ina gcónaí iontu.

- Q Cad go díreach atá i gceist le haontas polaitiúil eacnamaíoch? (00:45)
- Q Cé a smaoinigh ar choincheap an Aontais i dtosach, agus cén fáth? (01:08)
- Q Conas a d'eascair an tAontas Eorpach as an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach mar sin? (02:36)
- Q Cad atá i gceist leis an gcómhargadh earraí agus seirbhísí agus cén fáth ar chéim mhór chun tosaigh a bhí ann? (03:09)
- Q Cathain a tháinig Éire agus na tíortha eile atá ann faoi láthair isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa? Agus cathain go díreach a thiontaigh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ina Aontas Eorpach? (03:35)
- Q An raibh aon chogadh riamh ann idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh? (04:40)

## Caibidil 2: Tionchar an Aontais in Éirinn (05:01)

Ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, is rud dearfach don tír a bhí ann ón tús. Sna 1950idí agus 1960idí, bhí geilleagar na hÉireann dírithe go príomha ar an talmhaíocht agus bhí sé ag brath go mór ar an mBreatain ó thaobh na trádála de. An tráth sin, thuig polaiteoirí na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith le dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus, tar éis reifrinn, chuaigh Éire isteach ann in 1973. Is iomaí tairbhe a bhain Éire as ballraíocht san Aontas ó shin, cuir i gcás an tsaorghluaiseacht, airgeadra coiteann agus rochtain ar an margadh aonair. A bhuí leis an bhféidearthacht maireachtáil nó obair a dhéanamh in áit ar bith san Aontas trí chláir amhail Erasmus+, is iomaí deis atá ag saoránaigh na hÉireann anois. Faoi dhlí an Aontais, cosnaítear comhionannas sa láthair oibre, cearta máithreacha atá i mbun cothú cíche agus cearta maidir le saoire mháithreachais agus saoire atharthachta. Cosnaíonn an tAontas cearta cultúrtha freisin, stádas na Gaeilge san áireamh, agus chuidigh maoiniú ón Aontas chun sochaí, bonneagar agus tionscal na hÉireann a chlaochlú agus a nuachóiriú.

- Q Cén fáth a raibh sé chomh tábhachtach sin d'Éirinn a bheith ina ball den Aontas? Agus cén fáth ar throideamar chomh dian chun bheith inár mball? (05:32)
- Q Mar sin, bhí dea-thionchar aige ar thionscal easpórtála na hÉirinn, agus sin dea-scéal don gheilleagar. Ach conas a chabhraigh ballraíocht san Aontas le gnáthdhaoine in Éirinn? (06:12)
- Q Mar sin, má theastaíonn uaim taisteal chuig Ballstáit eile, an féidir liom an euro céanna a úsáid chun pé rud is mian liom a cheannach? (07:00)
- Q Cén chabhair atá ar fáil ón Aontas do thomhaltóirí na hÉireann nuair a theastaíonn uathu earraí agus seirbhísí a cheannach ó Bhallstát eile? (07:45)
- Q Creidim i gcearta comhionanna do chách. Cad atá déanta ag an Aontas do mhná na hÉireann? (08:17)
- Q Is breá liom an Ghaeilge. Cad atá déanta ag an Aontas Eorpach don teanga? (08:51)
- Q Agus cad faoin saol laethúil? An bhfuil sé níos éasca maireachtáil in Éirinn toisc go bhfuilimid san Aontas? (09:17)

## Caibidil 3: Beartais an Aontais agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo (10:05)

Bhí tionchar nach beag ag COVID-19 ar an domhan go léir ach tá obair shuntasach déanta ag an Aontas chun cuidiú leis na Ballstáit agus tacú leis na saoránaigh. Chuir sé dlús leis an taighde agus le forbairt vacsaíní, agus chuir sé Ciste Téarnaimh COVID ar bun chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bpaindéim. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas freisin srian a chur le tionchar Brexit ar gheilleagar na hÉireann trí Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a chur ar bun. Cuireann Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann agus cosnaíonn an Comhbheartas Iascaigh leasanna phobail agus thomhaltóirí iascaigh na hÉireann. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, féachtar leis go mbeidh an tAontas ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus tá an Clár Digiteach don Eoraip dírithe ar chuidiú le saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais an t-aistriú chuig an aois dhigiteach a dhéanamh.

- Q Is mór an tairbhe atá bainte ag Éirinn as a ballraíocht san Aontas. Ach tá dúshláin roimh Éirinn anois freisin mar gheall ar Brexit agus paindéim COVID-19. Cén chaoi a gcuideoidh an tAontas léi? (10:10)
- Q Tá cónaí orm faoin tuath agus tá an talmhaíocht an-tábhachtach don phobal anseo. Cad a dhéanfaidh an tAontas chun cuidiú le feirmeoirí na hÉireann? (11:04)
- Q Táim an-suim agam i gcúrsaí comhshaoil agus sna hiarmhairtí a bheidh ag an téamh domhanda ar an domhan agus ar Éirinn. Cad atá á dhéanamh ag an Aontas faoin ngéarchéim aeráide? (11:49)

- Q Agus mé ag fás aníos, ní raibh taithí agamsa ach ar an domhan digiteach, ach tá an-chuid daoine atá níos sine ná mé fós ag dul i dtaithí ar dhomhan na teicneolaíochta. Cad atá á dhéanamh ag an Aontas chun dlús a chur leis an athrú sin? (12:53)
- Q Cén tionchar atá ag an Aontas ar an gcuid eile den domhan? (13:37)

## Caibidil 4: An chaoi a n-oibríonn na hinstitiúidí le chéile (14:12)

Tá trí phríomhinstitiúid ann a bhfuil baint acu leis an bpróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an Aontais; an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa. Is é an Coimisiún Eorpach atá freagrach as obair laethúil an Aontais a reáchtáil. Tá gach Coimisinéir freagrach as punann nó réimse beartais agus déanann an Coimisinéir sin ionadaíocht ar an Aontas agus ar na saoránaigh go léir. Tá 705 fheisire ó gach ceann de na 27 mBallstát i bParlaimint na hEorpa. Is iad lucht vótála an Aontais a thoghann na feisirí sna toghcháin a reáchtáiltear gach 5 bliana. Is Airí Rialtais ó gach ceann de na Ballstáit a bhíonn ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Déanann an Coimisiún Eorpach reachtaíocht a dhréachtú. Déanann an Pharlaimint agus an Chomhairle tograí beartas agus reachtacha ón gCoimisiún a phlé agus, ina dhiaidh sin, déantar dlí díobh (nó ní dhéantar) agus cuireann an Coimisiún agus na Ballstáit chun feidhme iad. Is sa Chomhairle Eorpach a thagann ceannairí na mBallstát le chéile i gcruinnithe mullaigh chun plé a dhéanamh ar threo polaitiúil foriomlán an Aontais. An Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, sin iad na hinstitiúidí eile.

- Q Cén chaoi go díreach a n-oibríonn an tAontas Eorpach? (14:16)
- Q Mar sin, má dhéanann Ballstáit an Aontais cinntí tábhachtacha le chéile maidir le rudaí áirithe, conas a dhéanann siad é sin? Agus cén áit a ndéanann siad é? (14:36)
- Q Cé hiad na freagrachtaí a bhíonn ar na Coimisinéirí aonair agus cé leo na dearcthaí a léiríonn siad? (15:20)
- Q Conas a dhéanann Coimisinéir cinneadh maidir leis na dlíthe nua a mholfaidh sé nó sí? (15:58)
- Q Conas is féidir le gnáthdhaoine cead aighnis a bheith acu maidir le dlíthe atá molta nó atá i bhfeidhm cheana san Aontas? (16:17)
- Q Agus conas a dhéantar dlí de chuid an Aontais as togra beartais? (16:37)
- Q Cé chomh minic agus a thoghtar na feisirí de Pharlaimint na hEorpa? (17:10)
- Q An mbíonn Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcónaí ar aon intinn maidir le dlíthe nua? (17:51)
- Q Cén ról atá ag ár dTaoiseach san Aontas Eorpach? (18:27)
- Q Ceart go leor, tá an modh oibre ag éirí níos soiléire dom, ach an bhfuil aon institiúid eile de chuid an Aontais ann? (18:48)

## Caibidil 5: Conas páirt a ghlacadh/Deiseanna fostaíochta (19:25)

Gach bliain, glacann 1,900 céimí páirt i gcláir oiliúna de chuid an Aontais in institiúidí agus réimsí beartas éagsúla dá chuid. Faigheann siad léargas praiticiúil ar an gcaoi a n-oibríonn an tAontas agus na deiseanna gairme atá ar fáil dóibh. Is deiseanna iad a bhaineann le poist ar nós dlíodóirí, saineolaithe cumarsáide, ateangairí agus aistritheoirí. Tá sé tábhachtach scileanna maithe teanga a bheith agat chun dul ag obair leis an Aontas; caithfidh dhá theanga den Aontas a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar phost. Ó mhí Eanáir 2022, beidh an Ghaeilge ina teanga oifigiúil oibre iomlán den Aontas, rud a chiallaíonn go bhfuil buntáiste ar leith ag daoine óga a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.

Q Maidir le gairmeacha san Aontas... An bhfuil mórán deiseanna ann do dhaoine óga? (19:29)
Q Taobh amuigh de na cúrsaí oiliúna, cé hiad na hionchais ghairme fhadtéarmacha a chuireann an tAontas ar fáil? (20:46)
Q Mar dhuine óg atá ag iarraidh níos mó a fháil amach faoin Aontas agus páirt a ghlacadh ann, cad is féidir liom a dhéanamh? (23:49)

**NAISC**

Cúinne na foghlama : https ://europa.eu/learning-corner/home_ga

Institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh : https ://europa.eu/european-union/about-eu/institutions-bodies_ga

Erasmus+: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/node_ga

EPSO / Tréimhsí oiliúna: : epso.europa.eu/job-opportunities/traineeships

Europe Direct: https://europa.eu/european-union/contact_ga

An clár 'An Réalta Ghorm': bluestarprogramme.ie/

Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn: europarl.europa.eu/ireland/en/

Clár Scoileanna Ambasadóra: https://www.europarl.europa.eu/ambassador-school/ga/index.html

Euroscola Pharlaimint na hEorpa: europarl.europa.eu/euroscola/en/home.html

Duais Eorpach Charlemagne don Óige:

https://www.europarl.europa.eu/charlemagneyouthprize/ga/introduction.html

***